

bearnach a shinsir agus saoicht na neachtrannach abhi ag bru agus ag milleadh roimpe -- d'fhas se. Do luaigh an siceolai mor Carl Jung an focal schizophrenic le Joyce; ni fheadar na gurbh fhéidir an téarma céanna a lua lena lan udar abhi thuas ó thosach an cheid seo.

Lady Gregory, Yeats, Synge -- ba de phór na nGall-Ghael iad. Ba leir doibh a saol fein ag trá; connacthas doibh narbh fhulair an saol Gaelach a thaithiu. Is eol duinn gur sa tseanlitriocht agus i saol muintir na tuaithe a fuaireadar é; is eol, freisin, conas mar do chuaidh treifideacht sheana-mhíanaigh chulturtha sin na nGael cun tairbhe dóibh, a spreagadh agus a dtreisiú. Dar le Yeats, b'as an aighneas sin leis fein d'fhas a chuid filiochta.

Ma ba chruaidh dona scribhnoiri Bearla, caidé mar dua do lean dona scribhnoiri Gaeilge, dóibh san abhi saite in domhan an Bhearla agus ag iarraidh iad fein a chur in iúil as Gaeilge. An iona é nach dtainigh mór-litriocht uatha san -- ceadghlun na hAithbheocana? Dá dtéigheadh Joyce le hiomlan a phearsantachta leis an nGaeilge caidé mar proslitriocht a bheadh againnanois! Nil einne dena hudair Ghaeilge a thug fe chomhrac an da chultur a leiriu dhuinn; ba fánach an duine aca a phleidh le fadhbanna pearsanta is poiblí. Myles na gCapaillín féin; do nochtaigh se an maoithneachas bréagach romsach abhi coitianta ag tosnoiri na hAithbheocana, ach ba laidre aige an seirbhtean na an fhirinne.

Ceann dena rudáí, dar le Yeats, a chuireadh dioma ar Thomas Mac Donnchadha timpeall na bliana 1902 go slánoí an Ghaeilge ceart go leor ach go gcaillfi san slanu gach rud sa Ghaeilge go raibh gra aige do. Cé nach bhfuil an teanga slan fós, ta si ar láimh shabhalá. An e an dala céanna é ag na nithe dar thrácht Tomas Mac Donnchadha orra? An phairilis ud abhi ar Bhaile Átha Cliath in aimsir Joyce, ta si foirleathan ar fuaid na tire uilighanois agus ta mianach na gnathmhuintire ag tra. Bru an tsaoil eachtrannaigh, luas taisdil, tionchar an Bhearla idir preas, teilifís, radio, scannan -- sin iad na forsai ata ag imirt in aghaidh cultúir lan-Ghaelaigh. Mas beo laidir i saoicht na hEireann, glacfaidh sí chuiche fein an nua-iompair seo agus deanfaidh sí a glacfaidh sí chuiche fein an nua-iompair seo agus deanfaidh sí a chuid fein dhe ina sli fein. Ach ni leir gur cultúr aontaithe ar leith i. Is eol an deighilt in intinn an phobail ar go leor ceist bunusacha: aithbheocaint na teanga, cuir i gcás. Leathchead blian i ndiaidh Seachtain na Cásca nil muintir na hEirinn cinnte an dteastaíonn an Gheilge uatha, no má theastaíonn, an fiu e an saothar agus an dua is gha a chaitheamh lei.

Is bocht an sceal e deighilt mar sin in aigne na ndaoine, mar nuair a theann naisiún in amhras facina thodhcháí ta sé ar bhothar a aimhleasa. Is e- a chloisimid inniu na go bhfuil borradh agus fas in Eirinn, go bhfuil cursai eacnamaiochta na tire ag feabhsú dreir a cheile. Ma thagann an rachmas (agus is mithid do theacht) an ndeanfar aithris ann ar shaoltacht na Stat agus ar shaoltacht na Breataine? An feidir d'Eirinn treithe na nua-aoise do ghlacadh gan dochar di fein?

Is e an tuar dochais is mo ata ag an deorai Gaelach nō ag an eachtrannach nach baol don saol Gaelach, ná cailiochta na litriochta ata ag teacht as Eirinn inniu -- scribhnoireacht na Gaeilge, go hairithe. Is i an litriocht crutaitheach -- an filiochta agus an pros -- is suimiúla, mar is leir inntre